# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 25:**
# *Féach ar an hata sin!*



Character Sketches, c.1890, peann luaidhe ar pháipéar, Edith Somerville.

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Nuair a rinne Edith Somerville na sceitsí seo 130 bliain ó shin, thaitin hataí deasa go mór leis mná ach thaitin hataí arda leis na fir. Bhí cuma dháiríre agus thábhachtach ar fhir a chaith hataí arda!

Ba bhreá le Edith a bheith ag tarraingt, ag péinteáil agus ag scríobh scéalta. Bhí nós aici sceitsí de charachtair a dhéanamh agus léaráidí greannmhara d'irisleabhair.

## Seo linn ag súgradh

An bhfuil hata agat?

Samhlaigh hata draíochta.

Céard a tharlóidh dá dtitfeadh hata draíochta ar do chloigeann?

An duine éigin eile a bheadh ionat cosúil le.....

amthaistealaí, buachaill bó, cócaire, mairnéalach, cat, babaí beag bídeach, tógálaí, comhraiceoir dóiteáin, draíodóir, rapálaí.

## Bímis ag tarraingt

Samhlaigh hata nach mbeadh tú ag iarraidh a bhaint díot riamh!

An féidir leat do hata speisialta a tharraingt?

Cén cineál hata atá ann...

te agus bog, maisithe le bláthanna, clúdaithe le seoda, hata daorchluiche speisialta nó hata spóirt, hata cóisire greannmhar, hata do laethanta saoire, hata a thugann le fios do dhaoine eile gur duine tábhachtach tú nó hata faiseanta, hata cumhachtach!

## Faoi do hata!

Hataí ar féidir rudaí a chur i bhfolach iontu.

Céard ba mhaith leat a chur i bhfolach faoi do hata?

Teachtaireacht rúnda, ainmhí beag, an bréagán is fearr leat, ceapaire speisialta?

## Cuir ort do hata smaointeoireachta!

An féidir leat an méid a bheadh á rá ag na carachtair sa sceitse seo sa lá inniu ann a shamhlú?

---

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**